# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Corpoideachas

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scrúdú Scríofa 250 marc**

**Nótaí bunaithe ar an Scéim Mharcála**

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- I go leor cásanna ní thugann na nótaí tacaíochta ach príomhfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.

Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist; m.sh. d'fhéadfadh trí fhochuid a bheith ag baint le ceist; agus 12 mharc san iomlán curtha i leith na ceiste sin. D'fhéadfadh an scéim marcála a bheith mar a leanas: 6 + 3 +3. Ciallaíonn sin go mbronntar 6 mharc an ceann i leith an chéad fhreagra cheart agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra chirt ina ndiaidh sin.

Is mar threoir a thugtar na samplaí go léir, ní mór samplaí cearta ábhartha eile a mheas.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim marcála.

| Nóta mínithe | Úsáid | Marcanna (más cuí) |
|---|---|---|
| ✓n | Eolas ábhartha | 1-12 |
| ✓ | Eolas ceart | |
| 0 | Freagra mícheart | 0 |
| ✗ | Eolas neamhbhailí | |
| 〰 | Cuid shuntasach den fhreagra | |
| ⌇ | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir | |

| Roinn A | 80 marc |
|---|---|

Tá 12 cheist ann agus caithfidh na hiarrthóirí 10 gceist ar bith a fhreagairt astu.

**Ceist 1** **(8 marc)**

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(a)** Ainmnigh **dhá** phlána ar bith de ghluaiseacht an duine. | **2x1marc=2** |
| Plána ceart na gluaiseachta ainmnithe | 1 |
| Plánaí na gluaiseachta: An plána saighdeach; An plána tosaigh; An plána trasnach. | |

| **Cur síos** | **6 Mharc** |
|---|---|
| **(b)** Déan cur síos ar an **dá** phlána de ghluaiseacht an duine a ainmníodh mar is ceart in **(a)**. Bain úsáid as sampla spóirt den ghluaiseacht i ngach ceann de na plánaí chun tacú le do fhreagra. | **2x3mharc=6** |
| Cur síos soiléir cruinn ar an bplána gluaiseachta tugtha. Úsáidtear sampla ceart spóirt chun tacú leis an gcur síos. | 3 |
| Cur síos cruinn ar phlána na gluaiseachta agus sampla ceart spóirt tugtha chun tacú leis an gcur síos. | 2 |
| Cur síos ceart ar phlána na gluaiseachta amháin.<br>nó<br>Níor tugadh ach sampla ceart spóirt. | 1 |

**Ceist 2** **(8 marc)**

| **Cur síos** | **8 Marc** |
|---|---|
| Mínigh **dhá** mhodh dhifriúla ainmnithe le haghaidh traenáil chorpacmhainne a d'fhéadfaí a úsáid chun lúthchleasaithe a ullmhú le feidhmiú i do rogha gníomhaíocht choirp. | **2x4mharc=8** |
| Aithníodh modh ceart traenála agus tugadh míniú sármhaith ar conas a chuidíonn sé le lúthchleasaithe sa ghníomhaíocht choirp ainmnithe.<br>Eolas soiléir ar an modh agus a thionchar ar ullmhúchán lúthchleasaí tugtha. | 3-4 |
| Modh ceart traenála tugtha.<br>Eolas soiléir ar an modh agus a thionchar ar ullmhúchán lúthchleasaí tugtha. | 1-2 |

**Ceist 3** **(8 marc)**

| **Cur síos** | **8 Marc** |
|---|---|
| **(a)** Céard is rialú sóisialta an choirp ann? | **2 mharc** |
| Cur síos soiléir cruinn ar an gcoincheap tugtha. | 2 |
| Cur síos cruinn ar an gcoincheap tugtha. | 1 |

| **Cur síos** | **8 Marc** |
|---|---|
| **(b)** Pléigh an dóigh a mbíonn tionchar ag rialú sóisialta an choirp ar leibhéil rannpháirtíochta na bhfear agus na mban i ngníomhaíocht choirp. | **6 mharc** |
| Plé soiléir cruinn tugtha ar an dóigh a mbíonn tionchar ag rialú sóisialta an choirp ar leibhéil rannpháirtíochta na bhfear agus na mban i ngníomhaíocht choirp.<br>Tá an t-eolas mionsonraithe agus ceart. Tá plé mion tugtha ar thionchar an choincheapa ar rannpháirtíocht na bhfear agus na mban i ngníomhaíocht choirp. | 5-6 |
| Plé cruinn agus roinnt sonraí le feiceáil ar an dóigh a mbíonn tionchar ag rialú sóisialta an choirp ar leibhéil rannpháirtíochta na bhfear agus na mban i ngníomhaíocht choirp.<br>Tá an t-eolas mionsonraithe agus ceart. Pléitear fir agus mná araon sa phlé. | 3-4 |
| Níl mórán sonraí nó níl sonraí ar bith tugtha ar an dóigh a mbíonn tionchar ag rialú sóisialta an choirp ar leibhéil rannpháirtíochta na bhfear agus na mban i ngníomhaíocht choirp.<br><br>Nó<br><br>Ní phléitear ach mná amháin nó fir amháin sa phlé le leibhéal áirithe cruinnis agus mionsonraí. | 1-2 |

**Ceist 4** **(8 marc)**

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(a)** Sainaithin an **dá** thoisc is tábhachtaí, dar leat, a imríonn tionchar ar an bhfeidhmíocht i do rogha gníomhaíocht choirp. | **2x1marc=2** |
| Sainaithníodh an toisc a oireann don ghníomhaíocht choirp ainmnithe agus a bhfuil tionchar díreach aige ar fheidhmíocht.<br>**2 x 1 mharc** | |

| **Cur síos** | **6 Mharc** |
|---|---|
| **(b)** Pléigh an fáth a gcreideann tú gurb iad na tosca a ainmníodh mar is ceart in **(a)** an **dá** thoisc is tábhachtaí a imríonn tionchar ar an bhfeidhmíocht i do ghníomhaíocht choirp ainmnithe. | **2x3mharc=6** |
| Pléadh an toisc thábhachtach go soiléir agus go cruinn, agus tugtar fianaise thar barr ar eolas agus tuiscint ar an dóigh a bhfuil an toisc seo ar cheann den dá thoisc is tábhachtaí a imríonn tionchar ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp ainmnithe. | 3 |
| Pléadh an toisc thábhachtach go soiléir agus go cruinn, agus tugtar fianaise shármhaith ar eolas agus tuiscint ar an bhfáth a bhfuil an toisc seo ar cheann den dá thoisc is tábhachtaí a imríonn tionchar ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp ainmnithe. | 2 |
| Iarracht éigin déanta chun plé a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil an toisc thábhachtach chun tionchar a imirt ar fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp. Tá an plé doiléir. | 1 |

**Ceist 5** **(8 marc)**

| **Cur síos** | **8 Marc** |
|---|---|
| Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfaí na conairí idir gníomhaíocht choirp ar scoil agus sa phobal a neartú. | **2x4mharc=8** |
| Tá conair chuí léirithe go soiléir agus go cruinn, agus tugtar fianaise shoiléir ar eolas agus tuiscint ar conas is féidir an chonaire a neartú. | 4 |
| Tá conair chuí léirithe, agus tugtar fianaise mhaith ar eolas agus tuiscint sa réimse seo. | 3 |
| Tá conair chuí tugtha, agus tugtar roinnt fianaise ar eolas agus tuiscint sa réimse seo. | 2 |
| Tá conair chuí ainmnithe. | 1 |

**Ceist 6** **(8 marc)**

| **Cur síos** | **8 Marc** |
|---|---|
| Pléigh an tuairim seo *'is féidir go spreagfaidh an spórtúlacht breis rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp, ach is féidir go laghdófar leibhéil na rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp mar gheall ar chleasaíocht mhíspórtúil'.* | **8 marc** |
| Tá plé sármhaith déanta ar spórtúlacht agus tá cleasaíocht mínithe go soiléir.<br>Tugann an t-iarrthóir sonraí soiléire faoin dóigh a bhféadfadh rannpháirtíocht fheabhsaithe sa ghníomhaíocht choirp a bheith mar thoradh ar spórtúlacht.<br>Tugann an t-iarrthóir sonraí soiléire faoin dóigh ar féidir leis an gcleasaíocht cur le leibhéil rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp a ísliú.<br>Tá an t-eolas ar fad cruinn. | 7-8 |
| Tá plé sármhaith déanta ar spórtúlacht agus ar chleasaíocht.<br>Tugann an t-iarrthóir sonraí maithe faoin dóigh a bhféadfadh rannpháirtíocht fheabhsaithe sa ghníomhaíocht choirp a bheith mar thoradh ar spórtúlacht.<br>Tugann an t-iarrthóir sonraí maithe faoin dóigh ar féidir leis an gcleasaíocht cur le leibhéil rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp a ísliú.<br>Tá an t-eolas ar fad cruinn. | 5-6 |
| Tá plé éigin déanta ar spórtúlacht agus ar chleasaíocht.<br>Tugann an t-iarrthóir roinnt sonraí faoin dóigh a bhféadfadh rannpháirtíocht fheabhsaithe sa ghníomhaíocht choirp a bheith mar thoradh ar spórtúlacht.<br>Tugann an t-iarrthóir roinnt sonraí faoin dóigh ar féidir leis an gcleasaíocht cur le leibhéil rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp a ísliú.<br>Tá an t-eolas ábhairín cruinn. | 3-4 |
| Feictear iarracht éigin ar phlé ar spórtúlacht agus ar chleasaíocht.<br>Tá an t-eolas cruinn i gcodanna de. | 1-2 |

**Ceist 7** **(8 marc)**

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(a)** Cé acu ceann de dhlíthe gluaisne Newton is féidir a úsáid chun luasghéarú liathróid rugbaí a ciceáladh a ríomh? | **2 mharc** |
| Dara dlí gluaisne Newton<br>Glac le: F=MA; dlí luasghéaraithe Newton | 2 |

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(b)** Ainmnigh agus sainmhínigh ceann **amháin** eile de dhlíthe Newton. | **2 mharc** |
| 1ú dlí luasghéaraithe Newton agus sainmhíniú cruinn<br>NÓ<br>3ú dlí luasghéaraithe Newton agus sainmhíniú cruinn. | 2 |
| Glac le: Dlí táimhe Newton agus dlí imoibrithe Newton. | |

| **Cur síos** | **4 Mharc** |
|---|---|
| **(c)** Mínigh an fáth a d'úsáidfeá dlíthe Newton nuair a bhíonn gluaiseacht á hanailísiú agat. | **4 mharc** |
| Tá an míniú mionsonraithe agus cruinn sa mhíniú.<br>Léiríonn an t-iarrthóir tuiscint shoiléir ar an bhfáth a chuidíonn dlíthe Newton le daoine na fórsaí atá i bhfeidhm sa spórt a thuiscint. | 3-4 |
| Tá leibhéal éigin sonraí sa mhíniú agus tá sé cruinn in áiteanna.<br>Léiríonn an t-iarrthóir tuiscint éigin ar an bhfáth a chuidíonn dlíthe Newton le daoine na fórsaí atá i bhfeidhm sa spórt a thuiscint. | 1-2 |

**Ceist 8** **(8 marc)**

| **Cur síos** | **8 Marc** |
|---|---|
| Sainmhínigh gach ceann de na téarmaí seo thíos mar a bhaineann siad le gníomhaíocht choirp.<br>Rialacha<br>Deasghnátha<br>Gnásanna | **3+3+2mharc=8** |
| Sainmhíniú soiléir cruinn ar an téarma a mhéid a bhaineann sé le gníomhaíocht choirp. | 3<br>*(2 don 3ú sainmhíniú)* |
| Sainmhíniú cruinn ar an téarma mar a bhaineann sé le gníomhaíocht choirp. | 2<br>*(1 don 3ú sainmhíniú*) |
| Níl mórán soiléireachta nó cruinnis i sainmhíniú an téarma mar a bhaineann sé le gníomhaíocht choirp. | 1 |

**Ceist 9** **(8 marc)**

| **Cur síos** | **8 Marc** |
|---|---|
| Cuir síos ar **dhá** phrionsabal sa chleachtadh éifeachtach a d'fhéadfadh a bheith in úsáid i ndearadh sceideal cleachtaidh Olatunde. | **2 X 4 mharc=8** |
| Cur síos soiléir cruinn ar phrionsabal ceart sa chleachtadh éifeachtach agus conas is féidir é a úsáid i ndearadh sceideal Olatunde. | 3-4 |
| Déantar cur síos cruinn ar phrionsabal ceart sa chleachtadh éifeachtach le soiléireacht éigin maidir lena úsáid i ndearadh an sceidil cleachtais atá sonraithe. | 2 |
| Aithníodh prionsabal ceart ach is beag sonraí atá sa chur síos ar an bprionsabal. | 1 |

**Ceist 10** **(8 marc)**

| **Cur síos** | **8 Marc** |
|---|---|
| Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh **dhá** chóras fuinnimh ar bith a úsáideann corp an duine cur leis an bhfeidhmíocht i do rogha gníomhaíocht choirp. | **2x4mharc=8** |
| Tuiscint shármhaith ar an gcóras fuinnimh agus conas a sholáthraíonn sé fuinneamh don fheidhmíocht sa ghníomhaíocht ainmnithe a tugadh.<br>Cur síos mionsonraithe cruinn curtha ar fáil a thaispeánann sáreolas ar an méid a chuireann an córas le feidhmíocht. | 4 |
| Tuiscint mhaith ar an gcóras fuinnimh agus conas a sholáthraíonn sé fuinneamh don fheidhmíocht sa ghníomhaíocht ainmnithe.<br>Cur síos cruinn curtha ar fáil a thaispeánann eolas ar an méid a chuireann an córas le feidhmíocht. | 3 |
| Eolas éigin taispeánta faoin gcóras fuinnimh agus conas a sholáthraíonn sé fuinneamh don fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp. | 2 |
| Cur síos doiléir ar an gcóras fuinnimh agus conas a sholáthraíonn sé fuinneamh don fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp. | 1 |

**Ceist 11** **(8 marc)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Pléigh **dhá** bhealach a bhféadfadh scoil dul i ngleic le héagothroime inscne i leibhéil na rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp. | **2x4mharc=8** |
| Bealach ceart aitheanta agus pléite go soiléir agus go cruinn. Eolas soiléir tugtha faoin dóigh ar féidir leis an mbeart seo dul i ngleic le héagothroime inscne i leibhéil rannpháirtíochta buachaillí agus cailíní sa ghníomhaíocht choirp. | 3-4 |
| Bealach ceart a aitheanta agus pléite. Eolas éigin tugtha faoi conas is féidir leis an mbeart seo dul i ngleic le héagothroime inscne i leibhéil rannpháirtíochta buachaillí agus cailíní sa ghníomhaíocht choirp. | 1-2 |

**Ceist 12** **(8 marc)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **(a)** Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a bhféadfadh an toisc shíceolaíoch comhdhíriú tionchar a imirt ar leibhéil feidhmíochta lúthchleasaí. | **4 mharc** |
| Léiriú soiléir cruinn ar an dóigh a bhféadfadh comhdhíriú tionchar a imirt ar leibhéil feidhmíochta lúthchleasaí. | 3-4 |
| Léiriú ceart ar an dóigh a bhféadfadh comhdhíriú tionchar a imirt ar leibhéil feidhmíochta lúthchleasaí. | 1-2 |

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **(b)** Déan cur síos ar straitéis **amháin** a d'fhéadfadh lúthchleasaí a úsáid lena chomhdhíriú i gcomhair feidhmíochta a fheabhsú. | **4 mharc** |
| Cur síos soiléir cruinn ar straitéis cheart a d'fhéadfadh comhdhíriú lúthchleasaí i gcomhair feidhmíochta a fheabhsú. Eolas curtha ar fáil ar conas is féidir leis an straitéis comhdhíriú agus feidhmíocht a fheabhsú. | 3-4 |
| Cur síos cuí ar straitéis cheart a d'fhéadfadh chomhdhíriú lúthchleasaí a fheabhsú i gcomhair feidhmíochta. | 1-2 |

| Roinn B | Cás-Staidéar | 50 marc |
|---|---|---|

**Ceist 13 -** caithfidh iarrthóirí gach cuid a fhreagairt **(50 marc)**

**(a)**

| **Cur síos** | **6 Mharc** |
|---|---|
| Coincheap den ghníomhaíocht choirp is ea 'spórt'. Mínigh 'spórt'. | **6 mharc** |
| Míniú sármhaith ar an gcoincheap. Tá an t-eolas faoin gcoincheap mínithe go mion soiléir agus go cruinn. Samplaí cearta spóirt curtha ar fáil. | 5-6 |
| Míniú maith ar an gcoincheap. Mínítear eolas faoin gcoincheap go mion. Samplaí cearta spóirt curtha ar fáil. | 3-4 |
| Míniú réasúnta ar an gcoincheap. Tá eolas faoin gcoincheap doiléir. | 1-2 |

**(b)**

| **Cur síos** | **10 marc** |
|---|---|
| Pléigh tábhacht **dhá** chineál éagsúla aiseolais a d'fhéadfadh cóitseálaí a úsáid chun cur le feidhmíocht lúthchleasaithe i do rogha gníomhaíocht choirp. | **2x5mharc=10** |
| Cineál cuí aiseolais pléite go an-mhaith. Léiríonn an t-eolas a cuireadh i láthair go soiléir conas a chuidíonn úsáid an aiseolais seo le feidhmíocht lúthchleasaithe i ngníomhaíocht choirp ainmnithe. Tá an t-eolas go léir a cuireadh i láthair cruinn agus mionsonraithe. | 5 |
| Cineál cuí aiseolais pléite go mion. Léiríonn an t-eolas a cuireadh i láthair conas a chuidíonn úsáid an aiseolais seo le feidhmíocht lúthchleasaithe i ngníomhaíocht choirp ainmnithe. Tá an t-eolas a cuireadh i láthair cruinn. | 3-4 |
| Cineál cuí aiseolais pléite. Léiríonn an t-eolas a cuireadh i láthair conas a chuidíonn úsáid an aiseolais seo le feidhmíocht lúthchleasaithe i ngníomhaíocht choirp. | 1-2 |

(c)

| Cur síos | 10 marc |
|---|---|
| Scrudaigh na prfomhrudaf a mbfonn tionchar acu ar phatruin rannphairtfochta daoine 6ga i ngnfomhafocht choirp a gus sa sport. | **10 marc** |
| Tá an scrúdú cruinn agus mionsonraithe.<br>Déantar scrúdú cruinn an-mhionsonraithe ar chineálacha éagsúla na príomhrudaí atá ainmnithe go beacht a bhfuil tionchar acu ar phatrúin rannpháirtíochta daoine óga i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt. Déantar iniúchadh cuí ar an bpríomhrud a imríonn na tionchair ar phatrún rannpháirtíochta daoine óga ag léiriú ardleibhéal tuisceana ar an ábhar. | 8-10 |
| Tá an scrúdú cruinn agus roinnt sonraí ann.<br>Soláthraítear roinnt príomhrudaí atá ainmnithe go beacht a mbíonn tionchar acu ar phatrúin rannpháirtíochta daoine óga i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt. Tugtar a lán sonraí faoin dóigh a n-imríonn an príomhrud tionchar ar phatrúin rannpháirtíochta daoine óga. | 4-7 |
| Eolas bunúsach agus iarracht theoranta sa scrúdú<br>Soláthraítear príomhrud amháin ar a laghad atá ainmnithe go beacht a mbíonn tionchar acu ar phatrúin rannpháirtíochta daoine óga i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt. | 1-3 |

**(d)**

| **Cur síos** | **12 mharc** |
|---|---|
| Cuir síos ar fheidhmíocht scile ainmnithe ag lúthchleasaí ag **trí** chéim dhifriúla d'fhoghlaim scile. | **3x1marc**<br>**+**<br>**3x3mharc=12** |
| Céim na foghlama ainmnithe i gceart. | 1 |
| Cur síos ar fheidhmíocht scile ag an gcéim cheart den fhoghlaim: | |
| Cur síos sármhaith ar fheidhmíocht na scile sa chéim cheart.<br>Tá an t-eolas soiléir agus beacht agus mínítear go mion na patrúin agus na gnéithe coitianta le haghaidh feidhmíocht scile ag an gcéim sin. Léiríonn na hiarrthóirí tuiscint shármhaith ar chéim fhoghlaim na scile agus ar an dóigh a bhfeidhmíonn lúthchleasaithe scileanna ag an gcéim seo. | 3 |
| Cur síos maith ar fheidhmíocht na scile sa chéim cheart.<br>Tá an t-eolas soiléir agus tugtar roinnt sonraí ar na patrúin agus na gnéithe coitianta le haghaidh feidhmíocht scile ag an gcéim sin. Léiríonn na hiarrthóirí tuiscint ar chéim fhoghlaim na scile agus ar an dóigh a bhfeidhmíonn lúthchleasaithe scileanna ag an gcéim seo. | 2 |
| Cur síos lag ar fheidhmíocht na scile sa chéim atá ainmnithe i gceart.<br>Tá an t-eolas doiléir. | 1 |

**(e)**

| **Cur síos** | **12 mharc** |
|---|---|
| Scrudaigh an d6igh a bhféadfadh barainneacht gluaiseachta tionchar a imirt ar chailfocht/éifeachtacht seile ainmnithe i do rogha gnfomhafocht choirp. | **12 mharc** |
| Tá sonraí sármhaithe curtha ar fáil ar cad is barainneacht gluaiseachta ann. Tá an scrúdú cruinn agus mionsonraithe ar an tionchar a bhíonn ag barainneacht gluaiseachta ar cháilíocht/éifeachtacht scile ainmnithe. Míniú agus soiléireacht shármhaith ar conas a imríonn barainneacht gluaiseachta tionchar ar an scil ainmnithe. Léiríonn an t-iarrthóir tuiscint shoiléir ar conas a imríonn barainneacht gluaiseachta tionchar ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht scileanna. | 9-12 |
| Tá roinnt sonraí curtha ar fáil ar cad is barainneacht gluaiseachta ann. Tá an scrúdú cruinn uaireanta agus tá roinnt sonraí ann ar an tionchar a bhíonn ag barainneacht gluaiseachta ar cháilíocht/éifeachtacht scile ainmnithe. Léiríonn an t-iarrthóir tuiscint éigin ar conas a imríonn barainneacht gluaiseachta tionchar ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht scileanna. | 5-8 |
| Eolas bunúsach agus iarracht theoranta sa scrúdú agus is beag tuisceana atá le feiceáil ar an dóigh a n-imríonn gluaiseacht tionchar ar an scil ainmnithe. | 1-4 |

| Roinn C | 120 marc |
|---|---|

Tá 5 cheist ann nach mór d'iarrthóirí 3 cinn acu a fhreagairt.  40 marc ag dul le gach ceist.

**Ceist 14** **(40 marc)**

**(a)**

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(i) '**Coincheap den ghníomhaíocht choirp is ea 'gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta.  Sainmhínigh 'gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta'. | **2 mharc** |
| Tuiscint shoiléir ar an gcoincheap tugtha i sainmhíniú. Tá an t-eolas ar fad cruinn. | 2 |
| Tuiscint éigin ar an gcoincheap tugtha i sainmhíniú. Tá an t-eolas ábhairín cruinn. | 1 |

| **Cur síos** | **4 Mharc** |
|---|---|
| **(ii)** Ainmnigh **ceithre** 'ghníomhaíocht lasmuigh agus ghníomhaíocht eachtraíochta', seachas gníomhaíochtaí uisce. | **4x1mharc=4** |

**(b)**

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(i)** Sainmhínigh muinín maidir le feidhmíocht spóirt. | **2 mharc** |
| Tuiscint shoiléir ar an gcoincheap tugtha sa sainmhíniú. Tá an t-eolas ar fad cruinn. | 2 |
| Tuiscint éigin ar an gcoincheap tugtha sa sainmhíniú. Tá an t-eolas ábhairín cruinn. | 1 |

| **Cur síos** | **8 Mharc** |
|---|---|
| **(ii)** Pléigh conas a d'fhéadfadh an mhuinín tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht i do rogha gníomhaíocht choirp. | **8 mharc** |
| Tá an plé soiléir agus mionsonraithe.<br>Tá tuiscint shoiléir tugtha ar an dóigh a n-imríonn an toisc shíceolaíoch, muinín, tionchar ar fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp ainmnithe. Tá an plé mionsonraithe agus cruinn tríd síos. | 7-8 |
| Tá an plé cruinn agus mionsonraithe uaireanta. Tá tuiscint éigin tugtha ar an toisc shíceolaíoch, muinín, agus ar an dóigh a n-imríonn sí tionchar ar fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp ainmnithe.<br>Tá cuid den phlé bailí agus soiléir. | 4-6 |
| Níl ach iarracht teoranta déanta ar an bplé, ar iarrachtaí breathnú ar an toisc shíceolaíoch, muinín, agus ar an dóigh a n-imríonn sí tionchar ar fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp ainmnithe.<br>Tá roinnt den eolas atá cuireadh i láthair ceart. | 1-3 |

**(c)**

| **Cur síos** | **12 mharc** |
|---|---|
| Pléigh **trí** shlí a bhfuil tairbhe shóisialta le baint as gníomhaíocht choirp ag déagóirí. | **3x4mharc =12** |
| Aithnítear an tairbhe shóisialta a bhaineann le gníomhaíocht choirp ar dhéagóirí i gceart. Tá an plé atá curtha i láthair ag an iarrthóir cruinn, soiléir agus mionsonraithe. | 4 |
| Aithnítear an tairbhe shóisialta a bhaineann le gníomhaíocht choirp ar dhéagóirí i gceart.<br>Tá an plé atá curtha i láthair ag an iarrthóir cruinn. | 3 |
| Aithnítear an tairbhe shóisialta a bhaineann le gníomhaíocht choirp ar dhéagóirí i gceart.<br>Fianaise éigin ar phlé curtha i láthair a bhfuil cruinneas áirithe ag baint leis. | 1-2 |

**(d)**

| **Cur síos** | **12 mharc** |
|---|---|
| Scrúdaigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag **dhá** phrionsabal traenála ar bith ar fheidhmíocht lúthchleasaí. | **2x6mharc =12** |
| Soláthraíonn an t-iarrthóir scrúdú mionsonraithe cruinn ar conas is féidir le prionsabal na traenála atá aitheanta i gceart tionchar a imirt ar fheidhmíocht lúthchleasaí.<br>Tá an t-eolas atá curtha ar fáil soiléir agus gonta agus tá eolas beacht ar an bprionsabal agus conas is féidir leis tionchar a imirt ar fheidhmíocht lúthchleasaí. | 5-6 |
| Soláthraíonn an t-iarrthóir scrúdú maith ar conas is féidir le prionsabal na traenála atá aitheanta i gceart tionchar a imirt ar fheidhmíocht lúthchleasaí<br>Tá an chuid is mó den eolas atá curtha ar fáil soiléir agus cruinn. | 3-4 |
| Tá an chuid is mó den eolas atá curtha ar fáil cruinn. | 1-2 |

**Ceist 15** **(40 marc)**

**(a)**

| **Cur síos** | **10 marc** |
|---|---|
| Pléigh an tábhacht a bhaineann le fearas fóirsteanach a roghnú agus a chothabháil i do rogha gníomhaíocht choirp. | **10marc** |
| Tugadh freagairt shoiléir mhionsonraithe ar roghnú agus ar chothabháil fearais fhóirsteanaigh a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp ainmnithe.<br>Tá an plé cruinn tríd síos an phlé.<br>Baineann an fearas a phléitear leis an ngníomhaíocht choirp.<br>Pléitear roghnú agus cothabháil an fhearais agus a dtábhacht i ndáil leis an ngníomhaíocht choirp ainmnithe. | 8-10 |
| Tugtar plé ina bhfuil leibhéal éigin cruinnis ar roghnú agus ar chothabháil fearais fhóirsteanaigh a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp ainmnithe.<br>Tá an t-eolas cruinn agus tá fianaise éigin ar shonraí curtha ar fáil sa phlé.<br>Baineann an fearas a phléitear leis an ngníomhaíocht choirp.<br>Pléitear roghnú agus cothabháil an fhearais agus a dtábhacht i ndáil leis an ngníomhaíocht choirp ainmnithe. | 4-7 |
| Tá an plé bunúsach agus níl mórán sonraí ann. Cuirtear eolas bunúsach i láthair.<br>Baineann an fearas a phléitear leis an ngníomhaíocht choirp.<br>D’fhéadfadh sé go bhfuil faillí sa phlé ar an tábhacht a bhaineann le roghnú fearais nó le cothabháil fearais a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp. | 1-3 |

**(b)**

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(i)** Ainmnigh **dhá** fhorbhia cothaithe a úsáideann lúthchleasaithe go coitianta. | **2x1marc=2** |
| Forbhia cothaithe spóirt ainmnithe go cruinn. | 1 |

| **Cur síos** | **4 Mharc** |
|---|---|
| **(ii)** Mínigh an dóigh a bhféadfadh ceann **amháin** de na forbhianna a d'aithin tú in **(i)** feidhmíocht lúthchleasaithe a bharrfheabhsú. | **4 mharc** |
| Míniú shármhaith ar conas a chuidíonn an forbhia a aithníodh i gceart le barrfheabhsú feidhmíochta.<br>Tá eolas mionsonraithe, cruinn, soiléir agus gonta ann ar an mbealach inar féidir leis an bhforbhia cuidiú le feidhmíocht lúthchleasaí a bharrfheabhsú. | 3-4 |
| Eolas cruinn. Tá an míniú doiléir agus níl sé mionsonraithe. | 1-2 |

**(c)**

| **Cur síos** | **4 Mharc** |
|---|---|
| **(i)** Sainaithin **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag an lúthchleasaí seo le stéaróideach anabalach a úsáid. | **2x2mharc=4** |

| **Cur síos** | **4 Mharc** |
|---|---|
| **(ii)** Luaigh catagóir eile drugaí a chuireann le feidhmíocht agus luaigh slí **amháin** a bhféadfadh substaint as an gcatagóir seo tionchar a imirt ar fheidhmíocht lúthchleasaí. | **2+2mharc=4** |
| Catagóir aitheanta i gceart | 2 mharc |
| | |
| Ráiteas soiléir agus cruinn faoin mbealach a bhféadfadh substaint ón gcatagóir seo tionchar a imirt ar fheidhmíocht lúthchleasaí. | 2 mharc |
| Ráiteas cruinn faoin mbealach a bhféadfadh substaint ón gcatagóir seo tionchar a imirt ar fheidhmíocht lúthchleasaí. | 1 mharc |

| **Cur síos** | **4 Mharc** |
|---|---|
| (iii) Luaigh **dhá** riail frithdhópála ar féidir gur sháraigh an lúthchleasaí seo iad. | **2x2mharc=4** |
| Luaitear i gceart an riail frithdhópála a d'fhéadfadh a bheith sáraithe. | 2 |

**(d)**

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(i)** Céard is urraíocht sa spórt ann? | **2 mharc** |
| Tá an t-eolas a cuireadh i láthair cruinn, soiléir agus beacht. | 2 |
| Tá roinnt den eolas a cuireadh i láthair cruinn. | 1 |

| **Cur síos** | **10 marc** |
|---|---|
| **(ii)** Scrúdaigh an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag conarthaí urraíochta Leona uirthi. | **10 marc** |
| Tá an t-eolas sa scrúdú soiléir agus cruinn ar an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag margaí urraíochta Leona uirthi.<br>Tá réimse tionchar dearfach aitheanta go soiléir agus scrúdaithe go mion ar conas is féidir leo tionchar dearfach a imirt ar Leona. | 7-10 |
| Tá an t-eolas sa scrúdú soiléir agus cruinn i gcodanna ar an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag margaí urraíochta Leona uirthi.<br>Tá roinnt tionchair dhearfacha aitheanta go soiléir agus scrúdaíodh go mion iad. | 4-7 |
| Tá an eolas bunúsach tugtha ar an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag margaí urraíochta Leona uirthi.<br>Tá tionchar dearfach amháin aitheanta. | 1-4 |

**Ceist 16** **(40 marc)**

**(a)**

| **Cur síos** | **12 mharc** |
|---|---|
| Ainmnigh agus cosain an rogha **ceithre** thástáil a chuirfeá ar chlár tástálacha corpacmhainne do do rogha gníomhaíocht choirp. | **(1+2mharc)x4 =12** |
| Tástáil oiriúnach a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp ainmnithe. | **4 x 1 marc=4** |
| Údar cuí leis an bhfáth a bhfuil an tástáil seo oiriúnach mar chuid den chlár tástála don ghníomhaíocht choirp sin. | **4 x 2 mharc=8** |
| Tá an t-údar mionsonraithe agus cruinn. | 2 |
| Tá an t-údar ceart. | 1 |

**(b)**

| **Cur síos** | **8 Marc** |
|---|---|
| Déan cur síos ar an bhfoirmle MDAC (FITT sa Bhéarla). | **4x2mharc=8** |
| Cur síos soiléir cruinn ar an (athróg) atá ainmnithe i gceart agus ar an dóigh a n-úsáidtear í. | 2 |
| Eolas cruinn le sonraí teoranta nó gan aon mhionsonraí sa chur síos. | 1 |

**(c)**

| **Cur síos** | **8 Marc** |
|---|---|
| Pléigh **dhá** bhealach ar chuir an fás ar imeachtaí oll-rannpháirtíochta deiseanna ar fáil don ghnó agus don fhiontraíocht le blianta beaga anuas. | **2x4mharc=8** |
| Plé sármhaith ar an mbealach ar chuir imeachtaí oll-rannpháirtíochta deiseanna ar fáil don ghnó agus don fhiontraíocht.<br>Tá an fhaisnéis sonraithe soiléir agus ábhartha. Tá an t-eolas ar fad cruinn. | 3-4 |
| Plé teoranta ar conas a chuir imeachtaí oll-rannpháirtíochta deiseanna ar fáil don ghnó agus don fhiontraíocht. Eolas cruinn ach níl mórán sonraí curtha ar fáil. | 1-2 |

**(d)**

| **Cur síos** | **12 mharc** |
|---|---|
| Déan comparáid idir do rogha **dhá** ghníomhaíocht choirp ó pheirspictíocht chritéir ealaíne/aeistéitiúla na feidhmíochta sna gníomhaíochtaí sin.<br>Ní mór do cheann amháin de na gníomhaíochtaí coirp a roghnaítear a bheith ina gníomhaíocht ealaíne/aeistéitiúil. | **12 mharc** |
| Léiríonn an t-iarrthóir sáreolas ar chritéir aeistéitiúla/ ealaíonta na feidhmíochta i gcomparáid na ngníomhaíochtaí.<br>Tá an t-eolas soiléir, mionsonraithe agus cruinn. Léiríonn an t-iarrthóir go soiléir na cosúlachtaí/difríochtaí sna critéir aeistéitiúla feidhmíochta do na gníomhaíochtaí agus tugann sé nó sí sonraí sonracha ar na critéir sin.<br>Déileálann an t-iarrthóir le dhá ghníomhaíocht choirp ar gníomhaíocht ealaíne/aeistéitiúil ceann amháin acu ar a laghad. | 10-12 |
| Léiríonn an t-iarrthóir eolas maith ar chritéir aeistéitiúla/ ealaíonta na feidhmíochta i gcomparáid na ngníomhaíochtaí.<br>Tá an t-eolas soiléir agus cruinn agus tá sonraí ann. Léiríonn an t-iarrthóir na cosúlachtaí/difríochtaí sna critéir aeistéitiúla feidhmíochta do na gníomhaíochtaí agus tugann sé nó sí sonraí ar na critéir sin.<br>Déileálann an t-iarrthóir le dhá ghníomhaíocht choirp ar gníomhaíocht ealaíne/aeistéitiúil ceann amháin acu ar a laghad. | 7-9 |
| Léiríonn an t-iarrthóir eolas ar chritéir aeistéitiúla/ ealaíonta na feidhmíochta agus i gcomparáid na ngníomhaíochtaí.<br>Tá an t-eolas cruinn agus tá roinnt sonraí i ngnéithe áirithe den chomparáid. Léiríonn an t-iarrthóir na cosúlachtaí/difríochtaí sna critéir aeistéitiúla feidhmíochta do na gníomhaíochtaí agus ainmníonn sé nó sí cuid de na critéir.<br>Déileálann an t-iarrthóir le dhá ghníomhaíocht choirp ar gníomhaíocht ealaíne/aeistéitiúil ceann amháin acu ar a laghad. | 4-6 |
| Tá fianaise éigin ann ar eolas ar chritéir aeistéitiúla/ ealaíonta na feidhmíochta agus na gníomhaíochtaí i gcomparáid na ngníomhaíochtaí.<br>Déanann an t-iarrthóir iarracht dhá ghníomhaíocht choirp a chur i gcomparáid lena chéile. | 1-3 |

**Ceist 17** **(40 marc)**

**(a)**

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(i)** Sainmhínigh tréimhsiú. | **2 mharc** |
| Tá an sainmhíniú cruinn, soiléir agus mionsonraithe. | 2 |
| Tá leibhéal éigin cruinnis sa sainmhíniú a tugadh. | 1 |

| **Cur síos** | **4 Mharc** |
|---|---|
| **(ii)** Sainaithin **ceithre** chomhpháirt den chorpacmhainn a bhfuiltear ag díriú orthu ag céim áirithe le linn an phlean i bh**Fíor 19.** | **4x1marc=4** |
| Tá comhpháirt den chorpacmhainn aitheanta i gceart. | 1 |
| Glac le: Cumhacht, Luas, Neart, Seasmhacht Cardairiospráideach. | |

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(iii)** Luaigh céard a bhfuiltear ag súil leis a dhéanfaidh an lúthchleasaí le linn 'Bloc 3' den phlean tréimhsithe i bh**Fíor 19.** | **2 mharc** |
| Ceithre cinn ceart ag an iarrthóir<br><br>Triúr ceart nó níos lú ag an iarrthóir | 2<br><br>1 |
| Glac le:<br>Aclaíocht thapa phléiméadrach<br>Aclaíocht chumhachta éadrom<br>Iarrataí ísle do chumhacht nirt<br>Eatraimh ghairide d'aclú | |

**(b)**

| **Cur síos** | **10 marc** |
|---|---|
| Scrúdaigh **dhá** ghné chothaitheacha a d'fhéadfadh lúthchleasaí a chur i gcrích i ndiaidh feidhmíochta le cur leis an téarnamh. Nf ceadmhach hiodraitiu na deochanna sp6irt a usa id. | **2x5mharc= 10** |
| Scrúdú sármhaith ar an ngné chothaitheach atá ainmnithe i gceart a d'fhéadfadh lúthchleasaí a chur i gcrích i ndiaidh feidhmíochta le cur leis an téarnamh Tá an scrúdú mionsonraithe agus cruinn agus léiríonn sé go soiléir conas is féidir leis an straitéis feabhas a chur ar théarnamh lúthchleasaí i ndiaidh feidhmíochta. | 5 |
| Scrúdú maith ar an ngné chothaitheach atá ainmnithe i gceart a d'fhéadfadh lúthchleasaí a chur i gcrích i ndiaidh feidhmíochta le cur leis an téarnamh Tá an scrúdú soiléir agus cruinn agus léiríonn sé go soiléir conas is féidir leis an straitéis feabhas a chur ar théarnamh lúthchleasaí i ndiaidh feidhmíochta. | 3-4 |
| Ainmníonn an t-iarrthóir an ghné chothaitheach i gceart a d'fhéadfadh lúthchleasaí a chur i gcrích i ndiaidh feidhmíochta le cur leis an téarnamh Iarracht chruinn ar an scrúdú. | 1-2 |

**(c)**

| **Cur síos** | **10 marc** |
|---|---|
| Pléigh an dóigh a bhféadfadh margaíocht spóirt tionchar a imirt ar fhorbairt na turasóireachta in Éirinn. | **10 marc** |
| Plé sármhaith ar an dóigh a bhféadfadh margaíocht spóirt tionchar a imirt ar fhorbairt na turasóireacht in Éirinn. Tá an t-eolas soiléir agus mionsonraithe.<br>Tuigtear go soiléir margaíocht spóirt agus sonraítear go mion an tionchar a d'fhéadfadh sí imirt ar thurasóireacht in Éirinn. | 7-10 |
| Plé maith ina bhfuil eolas cruinn ar an dóigh a bhféadfadh margaíocht spóirt tionchar a imirt ar fhorbairt na turasóireacht in Éirinn.<br>Tuigtear margaíocht spóirt agus tugtar míniú maith ar an tionchar a d'fhéadfadh sí imirt ar thurasóireacht in Éirinn | 4-6 |
| Plé éigin le heolas teoranta ar an dóigh a bhféadfadh margaíocht spóirt tionchar a imirt ar fhorbairt na turasóireacht in Éirinn.<br>Ní thugtar mórán sonraí ar an tionchar atá ag margaíocht spóirt ar thurasóireacht in Éirinn. | 1-3 |

**(d)**

| **Cur síos** | **12 mharc** |
|---|---|
| Déan anailís ar **dhá** chineál éagsúla fógraíochta a bhaineann le spórt maidir leis na teachtaireachtaí a thugann sé do dhaoine óga. | **2x6mharc=12** |
| Tá an anailís ar chineál na fógraíochta a bhaineann le spórt maidir leis na teachtaireachtaí a thugann sé do dhaoine óga mionsonraithe, cruinn agus cuí.<br>Léiríonn an t-iarrthóir eolas soiléir ar an ábhar, Tá gach eolas a cuireadh ar fáil ábhartha. Tá an tuairim soiléir agus tá údar maith léi. | 5-6 |
| Tá an anailís ar chineál na fógraíochta a bhaineann le spórt maidir leis na teachtaireachtaí a thugann sé do dhaoine óga mionsonraithe, cruinn agus cuí den chuid is mó.<br>Léiríonn an t-iarrthóir eolas ar an ábhar. Tá an chuid is mó den eolas a cuireadh ar fáil ábhartha. Tá an tuairim soiléir. | 3-4 |
| Tá an anailís ar chineál na fógraíochta a bhaineann le spórt maidir leis na teachtaireachtaí a thugann sé do dhaoine óga cruinn.<br>Léiríonn an t-iarrthóir eolas bunúsach ar an ábhar. Tá cuid den eolas a cuireadh ar fáil ábhartha. | 1-2 |

**Ceist 18** **(40 marc)**

**(a)**

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(i)** Sainmhínigh cumas. | **2 mharc** |
| Tá an sainmhíniú cruinn, soiléir agus mionsonraithe. | 2 |
| Tá leibhéal éigin cruinnis sa sainmhíniú a tugadh. | 1 |

| **Cur síos** | **6 Mharc** |
|---|---|
| **(ii)** An ionann cumas agus scil? Cosain do fhreagra. | **6 mharc** |
| Freagraíonn an t-iarrthóir nach ionann. Tá an t-údar a tugadh cruinn agus mionsonraithe agus cuireann sé in iúl an difríocht idir cumas agus scil. | 5-6 |
| Freagraíonn an t-iarrthóir nach ionann. Tá an t-údar a tugadh cruinn. | 3-4 |
| Freagraíonn an t-iarrthóir nach ionann. Tá údar éigin tugtha, ach is beag sonraí atá ann.<br>NÓ<br>D'fhéadfadh sé go bhfuil míchruinneas san údar. | 1-2 |

**(b)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Sainaithin **dhá** phrionsabal den chleachtas eiticiúil **agus** tabhair breac-chuntas ar an bhfáth a bhfuil siad tábhachtach sa spórt. | **2x1marc +2x3mharc =8** |
| Aithníodh an prionsabal ceart den chleachtas eiticiúil. | 1 |
| | |
| Tabhair breac-chuntas ar an bhfáth a bhfuil an prionsabal den chleachtas eiticiúil atá ainmnithe i gceart tábhachtach don spórt. | **3mharc** |
| Léiríonn an t-iarrthóir go soiléir agus go cruinn an fáth a bhfuil prionsabal an chleachtais eiticiúil atá ainmnithe i gceart tábhachtach don spórt. Tá an t-eolas mionsonraithe agus cruinn. | 3 |
| Léiríonn an t-iarrthóir an fáth a bhfuil prionsabal an chleachtais eiticiúil atá ainmnithe i gceart tábhachtach don spórt. Leibhéal éigin sonraí tugtha. | 2 |
| Breac-chuntas teoranta tugtha. | 1 |
| Glac le: Meas, Ionracas, Cothroime, Cothromas. | |

**(c)**

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(i)** Sainmhínigh íomhá coirp. | **2 mharc** |
| Tá an sainmhíniú cruinn, soiléir agus mionsonraithe. | 2 |
| Tá leibhéal éigin cruinnis sa sainmhíniú a tugadh. | 1 |

| **Cur síos** | **8 Mharc** |
|---|---|
| **(ii)** "Nuair a chuirtear coirp chaola theannta ban agus coirp dheilbhithe mhatánacha fear chun tosaigh sna meáin, cuidíonn na meáin le rannpháirtíocht na mban agus na bhfear óg i ngníomhaíocht choirp a chur chun cinn."<br>Pléigh bailíocht an ráitis seo. | **8 mharc** |
| Féadfaidh an t-iarrthóir aontú/ easaontú/ aontú beagán leis an ráiteas. Plé agus soiléiriú sármhaith faoina mbreithiúnas ar an ráiteas. Tá a bplé mionsonraithe cruinn agus tá an t-eolas a cuireadh i láthair ceart. | 7-8 |
| Féadfaidh an t-iarrthóir aontú/ easaontú/ aontú beagán leis an ráiteas. Plé agus soiléiriú maith faoina mbreithiúnas ar an ráiteas. Tá roinnt sonraí agus eolas cruinn curtha i láthair sa phlé. | 4-6 |
| Féadfaidh an t-iarrthóir aontú/ easaontú/ aontú beagán leis an ráiteas. Níl an plé mionsonraithe ná soiléir. Ní phléann an t-iarrthóir bailíocht an ráitis go soiléir. Baineann cuid den eolas atá curtha i láthair leis an ábhar. | 1-3 |

**(d)**

| **Cur síos** | **2 Mharc** |
|---|---|
| **(i)** Sainaithin **dhá** thréith a bhaineann le baineannacht ceannais. | **2x1marc=2** |
| Tréith chruinn a bhaineann le baineannacht ceannais. | 1 |

| **Cur síos** | **12 mharc** |
|---|---|
| **(ii)** Mínigh an dóigh a bhféadfadh na tréithe a shainaithin tú mar is ceart in **(i)** tionchar a imirt ar rannpháirtíocht cailíní sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp. | **2x6mharc=12** |
| Tá an t-eolas atá curtha i láthair soiléir, cruinn agus mionsonraithe faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tréith ar rannpháirtíocht cailíní sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp.<br>Tá míniú láidir tugtha ar thionchar na tréithe a bhaineann leis na leibhéil rannpháirtíochta. Tá an t-eolas go léir ábhartha don mhíniú. | 5-6 |
| Tá an t-eolas atá curtha i láthair cruinn agus tá roinnt sonraí ann faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tréith ar rannpháirtíocht cailíní sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp.<br>Tá míniú ar thionchar na tréithe a bhaineann leis na leibhéil rannpháirtíochta soiléir agus ceart den chuid is mó.<br>Tá an t-eolas ceart agus ábhartha don mhíniú. | 3-4 |
| Eolas bunúsach agus fíorbheagán tuisceana le feiceáil. | 1-2 |

**Tionscadal Gníomhaíochta Coirp na hArdteistiméireachta**
**Ardleibhéal**
**100 marc**

Tá 20% de na marcanna don Chorpoideachas i Scrúdú na hArdteistiméireachta ag dul don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp agus déantar é a mheasúnú ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. Tá an leagan amach céanna agus na riachtanais chéanna ag an tionscadail ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal araon, agus mar sin ní gá leibhéal a bheith roghnaithe ag iarrthóirí ag an am a chuirtear isteach é. Déanfar idirdhealú eatarthu nuair a bheidh measúnú a dhéanamh orthu.

Nóta do scrúdaitheoirí:

Sula gcuirtear tús leis an marcáil, léigh an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp ar fad agus féach ar na trí fhíseán le dul i dtaithí ar an ábhar a chuirtear ar fáil le marcáil.

Bí cúramach gan pionós a ghearradh ar ghontacht sciliúil, gan marcanna a bhronnadh ar fhad gan ghá.

Ní mór ciall a bhaint as na tuairiscíní seo i gcomhthéacs na ndúshlán agus na n-éileamh a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaigh an t-iarrthóir.

Maidir le tionscadail ag an nGnáthleibhéal, féach ar an tábla tiontuithe

| Roinn A<br><br>25 marc | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Dona |
|---|---|---|---|---|---|
| Thart ar 700 focal | Anailís den scoth, nascann gach gné le prionsabail iontaofa na teoirice, tá baint ag gach gné leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís an-mhaith, tá naisc le prionsabail iontaofa na teoirice le feiceáil inti , agus tá baint aici leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís mhaith, tá naisc leis an teoiric le feiceáil inti, agus tá baint aici leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís réasúnta, níl mórán naisc leis an teoiric le feiceáil, teoiric ghinearálta den chuid is mó atá inti gan mórán bainte ná nasc leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Beagán fianaise nó gan aon fhianaise in aon chor tugtha mar bhonn teoiriciúil, nach bhfuil oiriúnach don ghníomhaíocht choirp a roghnaítear. |
| **Anailís Feidhmíochta**<br><br>An íomhá a léirítear ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís agus léirmhíniú cuimsitheach ar réimse mór sonraí ó ghnéithe éagsúla a mbíonn tionchar acu ar bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp a roghnaítear.<br>An gaol idir na torthaí agus an fheidhmíocht sainaitheanta.<br>Déantar an t-eolas a léirmhíniú go soiléir, go cruinn agus naisc shoiléire déanta leis an ngníomhaíocht choirp agus an teoiric roghnaithe.<br>Úsáidtear réimse leathan uirlisí anailíse (tástálacha / modhanna) go cruinn beacht agus cuirtear i bhfeidhm ar bhealach den scoth iad. | Déantar anailís agus léirmhíniú mionsonraithe ar réimse sonraí ó réimsí feidhmíochta a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh.<br>An nasc idir na torthaí agus an fheidhmíocht sainaitheanta.<br>Déantar an t-eolas a léirmhíniú go cruinn agus naisc déanta leis an ngníomhaíocht choirp agus an teoiric roghnaithe.<br>Tá uirlisí anailíse (tástálacha/modhanna) ábhartha agus úsáidtear go cruinn iad. | Déantar anailís agus léirmhíniú ar shonraí oiriúnacha ó phríomhréimsí feidhmíochta a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh.<br>Roinnt nasc déanta idir na torthaí agus an fheidhmíocht.<br>Déantar an t-eolas a léirmhíniú go soiléir agus cruthaítear naisc áirithe leis an ngníomhaíocht choirp agus an teoiric roghnaithe.<br>Úsáid cheart na n-uirlisí anailíse (tástálacha/modhanna). | Déantar anailís áirithe ar na réimsí feidhmíochta oiriúnacha chomh maith le léirmhíniú teoranta ar shonraí.<br>Déantar an t-eolas a léirmhíniú gan ach fianaise áirithe ann go ndearnadh nasc leis an ngníomhaíocht choirp agus an teoiric roghnaithe.<br>Úsáidtear na huirlisí anailíse (tástálacha/modhanna) ar bhealach cruinn in amanna. | Déantar anailís ach ní dhéantar mórán anailíse ar ghnéithe cuí feidhmíochta ná ní bhaintear mórán brí as sonraí.<br>Déantar an t-eolas a léirmhíniú uaireanta gan iarracht ar bith déanta nasc a chruthú leis an ngníomhaíocht choirp ná leis na teoiric a roghnaíodh.<br>Is beag an úsáid a bhaintear as uirlisí anailíse (tástálacha/modhanna). |
| **25 mharc** | **21-25 marc** | **16-20 marc** | **11- 15 mharc** | **6-10 marc** | **1- 5 mharc** |

| **IOMLÁN Roinn A** | **25 Marc** |
|---|---|

| Roinn B<br><br>40 marc | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta/lag |
|---|---|---|---|---|
| Thart ar 400 focal<br>**Marcáilte de réir Sprioc Feidhmíochta** | Naisc den scoth le prionsabail theoiriciúla iontaofa, a bhaineann le Roinn A agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Naisc le prionsabail iontaofa na teoirice, a bhaineann le Roinn A agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Naisc leis an teoiric le feiceáil a bhaineann le Roinn A agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Níl mórán nasc leis an teoiric le feiceáil, d'fhéadfadh roinnt nasc le Roinn A a bheith ann agus iad ginearálta níos mó ná bainteach go sonrach leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. |
| | | | | |
| **Sprioc Feidhmíochta ar leith a bhfuil údar leis** | Sprioc ar leith atá soiléir gonta agus i gcomhréir le SMART nó a mhacasamhail, agus atá bunaithe ar chur i bhfeidhm iontaofa na teoirice agus ar mhionscrúdú críochnúil ar anailís feidhmíochta. Is follas go bhfuil nasc soiléir le Roinn A<br>Réasúnaíocht bunaithe ar theoiric agus anailís feidhmíochta iontaofa, a léiríonn eolas agus tuiscint chuimsitheach ar ról na gníomhaíochta coirp roghnaithe agus tuiscint shoiléir ar na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe. Léiriú soiléir ar Roinn A agus ar an ngníomhaíocht choirp. | Sprioc dhúshlánach réalaíoch atá bunaithe ar mhionscrúdú ar anailís feidhmíochta agus ar riachtanais na gníomhaíochta coirp roghnaithe.<br>Réasúnaíocht a léiríonn torthaí Roinn A agus na tosca a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe. | Sprioc atá bunaithe ar mhionscrúdú ar anailís feidhmíochta a rinneadh i Roinn A agus ar riachtanais na gníomhaíochta coirp roghnaithe.<br>Tuigtear ón réasúnaíocht go bhfuil méid áirithe feasachta ar na tosca a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe, naisc le Roinn A atá le feiceáil. | Luaitear an sprioc luaite ach is beag an nasc a dhéantar le hanailís feidhmíochta agus le riachtanais na gníomhaíochta coirp roghnaithe.<br>Tuigtear ón réasúnaíocht nach bhfuil ach beagán eolais/tuisceana ar riachtanais na gníomhaíochta coirp roghnaithe, agus ní thugtar ach naisc dhoiléire le hanailís Roinn A. |
| **4 mharc** | **4 mharc** | **3 mharc** | **2 mharc** | **1 mharc** |

| | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta/lag |
|---|---|---|---|---|
| **Plean traenála/cleachtaidh i bhfoirm tábla** a léiríonn an sprioc atá leagtha amach | Fianaise de thuiscint ar réimse leathan prionsabal teoiriciúla agus iad curtha i bhfeidhm. Plean mionsonraithe beacht ábhartha le haghaidh traenála/cleachtaidh . Nasc díreach le toradh na hanailíse feidhmíochta agus leis an sprioc. Réimse leathan coincheap curtha i bhfeidhm. Baineann na gníomhaíochtaí ar fad le feidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe agus léiríonn siad an fheidhmíocht sin. | Fianaise tugtha gur baineadh úsáid as réimse prionsabal teoiriciúil iontaofa chun plean cruinn a fhorbairt, deartha go soiléir le haghaidh a thabhairt ar an sprioc feidhmíochta a sonraíodh. Réimse coincheap ábhartha curtha i bhfeidhm. Baineann gníomhaíochtaí le feidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe. | Fianaise tugtha gur baineadh úsáid as prionsabail theoiriciúla iontaofa chun plean cruinn a fhorbairt, deartha go soiléir le haghaidh a thabhairt ar an sprioc feidhmíochta a sonraíodh. Réimse coincheap curtha i bhfeidhm. Baineann gníomhaíochtaí leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Roinnt/beagán fianaise ar phrionsabail na teoirice. Ní bhaineann an plean mórán leis an sprioc feidhmíochta a sonraíodh. Úsáidtear coincheapa cuí ó am go chéile ach is ar éigean a bhíonn baint acu leis an sprioc feidhmíochta nó leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. |
| **8 marc** | **8 marc** | **6 mharc** | **4 mharc** | **2 mharc** |

| | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta/lag |
|---|---|---|---|---|
| **Réasúnaíocht** Leagtar amach an réasúnaíocht atá taobh thiar de gach plean | Tugtar údar sár-mhaith leis na 3 phlean ar fad. Déantar na pleananna go léir a nascadh go soiléir leis an sprioc lena mbaineann siad, léirítear naisc idir gach plean agus an ghníomhaíocht choirp roghnaithe. | Údar an-mhaith leo. Tugtar údar leis na 3 phlean ar fad, déantar iad a nascadh go cruinn soiléir leis na spriocanna lena mbaineann siad, agus léirítear baint leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Údar maith leo. Tugtar údar leis na pleananna ar fad in amanna agus déantar iarrachtaí chun léiriú a thabhairt ar an tslí a nascann an plean leis na spriocanna agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Is beag an t-údar leo. Déantar iarracht chun údar a thabhairt le 2 phlean ar a laghad. Naisc theoranta nó laga leis na spriocanna agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. |
| **4 mharc** | **4 mharc** | **3 mharc** | **2 mharc** | **1 mharc** |
| | | | | |
| **IOMLÁN Roinn B** | **3 x 12 mharc<br>+ 4 mharc = 40 mharc** | | | |

| Roinn C<br>25 marc | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| Thart ar 500 focal | Bunaithe ar thuiscint dhomhain ar phrionsabail theoiriciúla iontaofa agus conas iad a chur i bhfeidhm. Déantar iad a chur i bhfeidhm ar Roinn A agus B agus ar an ngníomhaíocht choirp roghnaithe ar bhealach cruinn i gcónaí. | Bunaithe ar thuiscint shoiléir agus ar chur i bhfeidhm na teoirice. Baint le Roinn A agus B agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Bunaithe ar thuiscint agus ar chur i bhfeidhm na teoirice. Naisc le Roinn A agus B agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Bunaithe ar thuiscint áirithe agus ar chur i bhfeidhm na teoirice. Baint le Roinn A agus B agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Fíorbheagán fianaise tugtha de chur i bhfeidhm ná de thuiscint ar an teoiric. Baint in amanna le Roinn A agus B agus leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. |
| | | | | | |
| **Anailís ar fheidhmíocht iar-thraenála/iar-chleachtaidh** | Anailís chríochnúil ábhartha iar-thraenála ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe, bunaithe ar an anailís tosaigh agus ar na spriocanna a sonraíodh. Tugtar anailís chuimsitheach a léiríonn naisc chuí leis an teoiric. | Anailís mhionsonraithe iar-thraenála ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe, agus naisc leis an anailís tosaigh agus leis na spriocanna a sonraíodh. Tugtar réimse torthaí anailíse feidhmíochta agus tá naisc leis an teoiric le feiceáil. | Anailís iar-thraenála ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe a léirítear. Roinnt nasc déanta leis an anailís tosaigh agus leis na spriocanna a sonraíodh, agus naisc leis an teoiric le feiceáil. | Ní thugtar mórán anailíse iar-thraenála ar fheidhmíocht Tagairt déanta do na spriocanna a sainaithníodh gan nasc ar bith leis an bhfeidhmíocht tosaigh ná leis an teoiric. | Is ar éigean a thugtar aon anailís iar-thraenála ar fheidhmíocht. Is ar éigean a thagraítear do na spriocanna a sonraíodh. Is ar éigean a léirítear naisc leis an teoiric. |
| **10 marc** | **10 marc** | **8 marc** | **6 mharc** | **4 mharc** | **2 mharc** |
| | | | | | |
| | **Sármhaith - Maith** | | | **Réasúnta - Lag** | |
| **Machnamh ar spriocanna feidhmíochta atá bunaithe ar rannpháirtíocht sa traenáil/chleachtadh** | Machnamh cruinn ar thoradh na spriocanna feidhmíochta atá bunaithe ar rannpháirtíocht sa traenáil/ chleachtadh. | | | Machnamh in amanna ar thoradh na spriocanna feidhmíochta atá bunaithe ar rannpháirtíocht sa traenáil/ chleachtadh. | |
| **5 mharc** | **5 mharc** | | | **2 mharc** | |

| | Sármhaith - Maith | Réasúnta - Lag |
|---|---|---|
| **Machnamh ar thionchar na traenála/cleachtaidh** | Machnamh cruinn ar thionchar na traenála/cleachtaidh Roinnt tagairtí don fheidhmíocht. | Machnamh in amanna ar thionchar na traenála/cleachtaidh agus ar an bhfeidhmíocht. |
| **5 mharc** | **5 mharc** | **2 mharc** |
| | | |
| | **Sármhaith - Maith** | **Réasúnta - Lag** |
| **Ráitis Deiridh** Lena n-áirítear tagairt d'fheabhas breise a chur ar fheidhmíocht | Déantar ráitis chruinne deiridh maidir le torthaí an tionscadail. Déantar tagairt d'fheabhas breise a chur ar fheidhmíocht. | Níl mórán sa ráitis deiridh maidir le torthaí an tionscadail. Is beag an tagairt a dhéantar d'fheabhas breise a chur ar fheidhmíocht. |
| **5 mharc** | **5 mharc** | **2 mharc** |
| | | |
| **IOMLÁN Roinn C** | **25 Marc** | |

| **Comhleanúnachas Ginearálta 10 marc** | **Sármhaith** | **An-mhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Lag** |
|---|---|---|---|---|---|
| (Ní roinn ar leith den tionscadal í seo) | Tá comhleanúnachas, caighdeán agus soiléireacht iontach ag an tionscadal chomh maith le fianaise oiriúnach anailíse tugtha agus naisc chruinne, shoiléire déanta le prionsabail theoiriciúla iontaofa.<br>Tá éifeachtúlacht ag baint leis an gcumarsáid agus taighde maith déanta uirthi.<br>Tá físeáin curtha ar fáil a chuireann leis an tsoiléireacht agus leis an luach, agus tugann siad tacaíocht shoiléir don téacs i ngach ceann de na 3 roinn. | Tá comhleanúnachas, caighdeán agus soiléireacht an-mhaith ag an tionscadal chomh maith le fianaise oiriúnach anailíse tugtha agus naisc chruinne déanta le prionsabail theoiriciúla iontaofa.<br>Tá an chumarsáid soiléir agus tá taighde maith déanta uirthi.<br>Cuireann na físeáin soiléireacht agus luach áirithe leis an obair, tacaíonn iad leis an téacs sna 3 rannóg ar fad. | Tá comhleanúnachas agus caighdeán maith ag an tionscadal chomh maith le fianaise oiriúnach anailíse tugtha agus naisc déanta le prionsabail theoiriciúla iontaofa.<br>Tá an chumarsáid soiléir agus tá fianaise tugtha go ndearnadh taighde uirthi.<br>Cuireann na físeáin soiléireacht leis an obair, tacaíonn iad leis an téacs in 2 rannóg ar a laghad. | Tá comhleanúnachas áirithe ag an tionscadal chomh maith le fianaise anailíse tugtha agus naisc áirithe déanta le prionsabail theoiriciúla iontaofa.<br>Tá an chumarsáid soiléir agus tá fianaise áirithe tugtha go ndearnadh taighde uirthi.<br>Cuireann na físeáin soiléireacht leis an obair, tacaíonn iad leis an téacs in 1 rannóg ar a laghad. | Tá teorainn le comhleanúnachas an tionscadail nó tá easpa comhleanúnachais ann, gan aon fhianaise ábhartha anailíse tugtha agus gan nasc ar bith le prionsabail theoiriciúla.<br>Tá an chumarsáid réasúnta soiléir agus is beag fianaise atá léirithe de thaighde ar bith.<br>Sa chás gur cuireadh físeáin ar fáil, is beag luach a bhí ag baint leo don téacs. |
| **10 marc** | **10 marc** | **8 marc** | **6 mharc** | **4 mharc** | **2 mharc** |

**Tá 3 fhíseán ag teastáil**

Físeán Roinn A **agus** Físeán Roinn B **agus** Físeán Roinn C

Bronn **2** mar uasmharc sa chás **nach mbíonn** físeán ar bith san áireamh
Bronn **4** mar uasmharc sa chás nach dtugtar ach **1 fhíseán**
Bronn **6** mar uasmharc sa chás nach dtugtar ach **2 fhíseán**

| Srianta: | | |
|---|---|---|
| 16 íomhá ar a mhéad:<br>• 4 íomhá ar a mhéad i Roinn A<br>• 8 n-íomhá ar a mhéad i Roinn B<br>• 4 íomhá ar a mhéad i Roinn C<br>**[1 shárú amháin ar a mhéad]** | Ní cheadaítear colláisí físeán<br>Ní cheadaítear colláisí íomhánna **<br>Ní cheadaítear luas an fhíseáin a athrú.<br>Ní cheadaítear aon íomhánna san fhíseán<br>Ní cheadaítear téacs iomarcach sna íomhánna/ físeáin | Líon focal 1600<br>Líon leathanach 28<br>Méid an fhíseáin uasmhéid 1GB<br>Fad an fhíseáin 4 nóiméad ar a mhéad<br>Íomhá den phlean traenála/cleachtaidh i bhfoirm tábla ar cheann de na híomhánna a úsáidtear<br>Leathanach 6 den Teimpléad críochnaithe* |
| Bronn **8** marc ar a mhéad má tá **1 shárú amháin ar shrianta** ann<br>Bronn **6** mharc ar a mhéad má tá **2+ shárú ar shrianta** ann<br>Bronn **4** mharc ar a mhéad má tá **3+ shárú ar shrianta** ann | | |
| | | |
| **Líon Iomlán na Marcanna = 100** | | |

**Measúnú feidhmíochta**

**Comhleibhéal**

**150 marc**

**Tá dhá ghníomhaíocht ag teastáil i gcás damhsa agus gníomhaíochtaí aclaíochta agus corpacmhainne pearsanta. Sa chás seo, ní mór an dá ghné a bhaineann leis an bhfeidhmíocht a chur san áireamh agus marcanna á mbronnadh.*

Tá riachtanais shonraithe ag gabháil gach gníomhaíocht aclaíochta ó thaobh na scile agus na dteicnící/modhanna de, déan tagairt do na sonraí a bhaineann le gach gníomhaíocht sula mbronnfar marcanna uirthi. Tá na sonraí ar lch. 34-45 den tsonraíocht a bhaineann le Corp Oideachas na hArdteistiméireachta.

Ós rud é gur measúnú feidhmíochta é seo, ní bhronntar marcanna ach le haghaidh an méid is féidir leis an scrúdaitheoir a fheiceáil.

**Comhthéacsanna: Feidhmíocht phearsanta, Cleachtadh iomaíoch agus/nó Cleachtadh aclaithe**

**Cás 1:** cluichí, uiscíocht, eachtraíocht, lúthchleasaíocht – fianaise ar: scileanna & teicnící; teaicticí/straitéisí; sábháilteacht; rialacha/rialacháin/ cóid chleachtais a bhaineann leis an ngníomhaíocht

**Cás 2:** damhsa, gleacaíocht – i gcás damhsa, 2 cheann díobh seo a leanas: damhsa aonair; beirte; grúpa. Bíodh an méid seo a leanas san áireamh: cumas agus samhlaíocht léirithe agus scileanna/ teicnící á gcur le chéile a bhfuil baint acu le stíl an imeachta gleacaíochta **NÓ** cumas léirithe i meascán samhlaíoch de ghluaiseachtaí a léiríonn ábaltacht theicniúil sa stíl a bhaineann leis an imeacht damhsa sin; Dearadh comhdhéanaimh agus/nó cóiréagrafaíochta lena n-áirítear úsáid prapaí agus/nó feistis má bhíonn siad oiriúnach; cruthaitheacht; sábháilteacht; rialacha/ rialacháin/cóid chleachtais

**Cás 3:** aclaíocht & corpacmhainn phearsanta; gné aeróbach **agus** aclaithe ag teastáil – **PRF (1 ghné amháin nó níos mó)** nó **HRF (gnéithe ar fad)**; cuir iad seo leanas i bhfeidhm; prionsabail na traenála, criosanna traenála, tairseacha, bristeacha oibre-bisigh, téamh suas/ fuarú; bídís seo a leanas san áireamh: téamh suas, gníomhaíochtaí forbartha (oiriúnú/forchéimniú); fuarú; sábháilteacht; rialacha/rialacháin/cóid chleachtais i suíomh traenála ábhartha

| **Scil & Teicníc 80 marc** | | | **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** |
|---|---|---|---|---|---|
| Le haghaidh na ngnéithe ar fad a bhaineann le scil agus teicníc | | | **Is gá go léireofaí réimse leathan scileanna/teicnící leagtha amach sa tsonraíocht** | **Is gá go léireofaí réimse scileanna/teicnící leagtha amach sa tsonraíocht** | **Is gá go léireofaí scileanna/teicnící áirithe leagtha amach sa tsonraíocht** |
| An cumas a bheith in ann scileanna & teicnící oiriúnacha a roghnú & a chur i bhfeidhm. | Cuireann scileanna/ teicnící oiriúnacha/ ábhartha/ cuí i bhfeidhm. Léiríonn cruthaitheacht agus feasacht agus scileanna á léiriú. | **15** | Léirítear ón scil a roghnaíodh go bhfuil cumas iontach ag an iarrthóir an scil is oiriúnaí agus is ábhartha do chomhthéacsanna uile na feidhmíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm Tá cruthaitheacht le feiceáil agus scileanna á léiriú i gcúinsí dúshlánacha. Déantar oiriúnú ar léiriú na scile de réir mar is gá. | Tá baint ag na scileanna roghnaithe leis an gcomhthéacs feidhmíochta . | Tá baint ag an gcuid is mó de na scileanna roghnaithe leis an gcomhthéacs feidhmíochta. |
| | | | **13-15 mharc** | **8 - 12 mharc** | **1 - 7 marc** |
| An cumas a bheith in ann scileanna & teicnící oiriúnacha a léiriú. | Cruinneas & leanúnachas agus an scil á léiriú (déantar patrún na ngluaiseachtaí i gceart tríd an léiriú ar fad). | **25** | Patrún na ngluaiseachtaí a bheith ceart agus leanúnach (déantar an patrún céanna gluaiseachtaí roinnt uaireanta tríd an léiriú) agus na scileanna ar fad á léiriú. | Cruinn den chuid is mó agus roinnt mhaith leanúnachais agus an scil á léiriú. | Cruinneas teoranta agus leanúnachas áirithe agus scileanna áirithe á léiriú. |
| | | | **20-25 marc** | **11 - 19 marc** | **1-10 marc** |
| | Smacht & Ligtheacht i bpatrún na ngluaiseachtaí | **25** | Smacht den scoth (agus patrún na ngluaiseachtaí á dhéanamh) agus ligtheacht gluaiseachta (patrún na ngluaiseachtaí a dhéanamh gan aon bhristeacha) le feiceáil agus scileanna á léiriú. Tá stíl éasca ag baint leis na scileanna a léirítear agus déantar iad a oiriúnú don chomhthéacs feidhmíochta de réir mar is gá. | Tá smacht agus ligtheacht le feiceáil sna scileanna. D’fhéadfadh roinnt teannais/comhordú ciotach a bheith le feiceáil sna scileanna. | Smacht teoranta nó gan smacht ar bith agus easpa ligtheachta agus scileanna áirithe á léiriú. D’fhéadfadh gluaiseachtaí a bheith snagach/ábhairín ciotach . |
| | | | **20-25 marc** | **11 - 19 marc** | **1-10 marc** |
| | Patrún na ngluaiseachtaí socair faoi bhrú. | **15** | Léirítear socracht i bpatrún na ngluaiseachtaí nuair a léirítear scileanna faoi bhrú agus le linn comórtas. Déileáiltear le brú trí phatrún na ngluaiseachtaí a athrú díreach roimh léiriú na scileanna nó lena linn. | Coimeádtar socracht teicníce sna scileanna nuair a léirítear faoi bhrú iad. | Is beag socracht teicníce atá léirithe nuair a dhéantar scileanna a léiriú faoi bhrú. |
| | | | **13-15 mharc** | **8 - 12 mharc** | **1 - 7 marc** |
| **80 marc** | | | | | |

| **Prionsabail imeartha/feidhmíochta, nósanna/teaicticí/straitéisí/gnéithe comhdhéanaimh/ceisteanna traenála 20 marc** | | | **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** |
|---|---|---|---|---|---|
| Prionsabail imeartha/ feidhmíochta agus nósanna gníomhaíochta . | Fianaise go dtuigtear na prionsabail imeartha/feidhmíochta, gur cloíodh leis na nósanna gníomhaíochta. | **10** | Fianaise shoiléir go bhfuil tuiscint shármhaith ar phrionsabail imeartha/chleachtaidh agus ar nósanna a bhaineann go sonrach leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe agus gur cuireadh i bhfeidhm iad. | Fianaise go bhfuil cuid de na prionsabail imeartha/ chleachtaidh agus de na nósanna a bhaineann go sonrach leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe curtha i bhfeidhm. | Fianaise theoranta ar na prionsabail imeartha/chleachtaidh agus nósanna a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh/ iad curtha i bhfeidhm go lag |
| | | | **10 marc** | **8 marc** | **4 mharc** |
| Déan réimse teaicticí/ straitéisí a chur i bhfeidhm & a chur in oiriúint mar fhreagra ar chleachtas aclaithe nó cás iomaíoch. | Úsáid oiriúnach straitéise/ teaicticí/ gnéithe comhdhéanaimh/ ceisteanna traenála don ghníomhaíocht<br>Bíonn tionchar dearfach ag an gcinnteoireacht le linn na feidhmíochta ar an bhfeidhmíocht.<br>Cás(anna) ar baineadh úsáid astu a bhí oiriúnach don timpeallacht iomaíoch/ traenála sa ghníomhaíocht. | **10** | Léiríonn cinnteoireacht den scoth. Úsáidtear straitéisí/teaicticí/ gnéithe comhdhéanaimh/ bearta traenála cuí atá ábhartha don fheidhmíocht i gcúinsí áirithe dúshlánacha. Tá tionchar dearfach ag na nithe seo go léir ar fheidhmíocht.<br>Déantar cás iontach a léiriú agus baineann sé go héasca le timpeallacht iomaíoch/traenála sa ghníomhaíocht roghnaithe.<br>Tugtar taispeántas breá saoráideach agus níl aon fhianaise ann go bhfuil easpa feasachta nó inoiriúnaitheachta ar an iarrthóir agus an ghníomhaíocht roghnaithe á léiriú. | Úsáidtear cinnteoireacht agus straitéisí/teaicticí/ gnéithe comhdhéanaimh/ bearta traenála cuí atá ábhartha don fheidhmíocht i gcúinsí áirithe dúshlánacha. Tá tionchar ábhairín dearfach ag na nithe seo go léir ar fheidhmíocht.<br>Déantar cás a léiriú atá oiriúnach don timpeallacht iomaíoch/traenála sa ghníomhaíocht roghnaithe.<br>Feictear go bhfuil easpa feasachta ar an iarrthóir in amanna agus an ghníomhaíocht roghnaithe á léiriú. | Ní fheictear úsáid agus oiriúnú straitéisí/ teaicticí/gnéithe comhdhéanaimh/ceisteanna traenála oiriúnacha rómhinic.<br>Fianaise áirithe ar chinnteoireacht mhaith a bhfuil tionchar dearfach aige ar an bhfeidhmíocht.<br>Bíonn cásanna oiriúnach don ghníomhaíocht roghnaithe de ghnáth.<br>Feictear go bhfuil easpa feasachta ar an iarrthóir agus an ghníomhaíocht roghnaithe á léiriú. |
| | | | **10 marc** | **8 marc** | **4 mharc** |

**20 marc**

**Aclaíocht & Corpacmhainn Phearsanta -** gnéithe riachtanacha: Téamh suas, gníomhaíocht aeróbach traenála, gníomhaíocht aclaithe & friotaíochta, fuarú.
**Damhsa –** gnéithe riachtanacha: damhsa aonair agus beirte/grúpa.

| **Prionsabail na Feidhmíochta** | **Cur i bhfeidhm/oiriúnú straitéisí** |
|---|---|
| Sa chás nach léirítear **1 ghné** bronn **8 marc ar a mhéad.**<br>Sa chás nach léirítear **2+ ghné** bronn **4 mharc ar a mhéad** | Sa chás nach léirítear **1 ghné** bronn **8 marc ar a mhéad.**<br>Sa chás nach léirítear **2+ ghné** bronn **4 mharc ar a mhéad** |

| Cur i bhfeidhm na rialacha/na gcód cleachtais<br>10 marc | | | Sármhaith | Maith | Réasúnta |
|---|---|---|---|---|---|
| Cuir rialacha/rialacháin na gníomhaíochta i bhfeidhm go cruinn.<br>Cloígh leis na cóid chleachtais sa ghníomhaíocht. | Cloítear le rialacha/ rialacháin agus le cóid chleachtais na gníomhaíochta. | 10 | Cloítear leis na rialacha/rialacháin agus na cóid chleachtais ar fad atá ag an ngníomhaíocht roghnaithe i ngnéithe uile na feidhmíochta. | De ghnáth, tugtar fianaise san fheidhmíocht gur cloíodh le rialacha/rialacháin agus le cóid chleachtais na gníomhaíochta a roghnaíodh. | Níor cloíodh go rómhaith le rialacha/rialacháin ná le cóid chleachtais na gníomhaíochta a roghnaíodh. |
| | | | **10 marc** | **8 marc** | **4 mharc** |
| **10 marc** | | | | | |

| Cleachtas sábháilte<br>10 marc | | | Sármhaith | Maith | Réasúnta |
|---|---|---|---|---|---|
| Cleachtas sábháilte san fheidhmíocht. | Ullmhú sábháilte le haghaidh na gníomhaíochta & chun í a chur i gcrích.<br>Baintear úsáid oiriúnach & shábháilte as an trealamh agus as an bhfeisteas & timpeallacht shábháilte curtha ar fáil. | 10 | Sár-fhianaise ar chleachtas sábháilte le linn an léirithe. Roghnú cuí de ghníomhaíochtaí chun téamh suas agus fuarú. Maidir le gach beartas sábháilteachta a bhaineann leis an ngníomhaíocht roghnaithe, cloítear leo le linn an léirithe. Úsáidtear trealamh agus áiseanna ar bhealach sábháilte. | Fianaise mhaith ar chleachtas sábháilte le linn an léirithe. Gníomhaíochtaí cuí chun téamh suas agus fuarú. Cloítear le beartais sábháilteachta a bhaineann leis an ngníomhaíocht roghnaithe. Úsáidtear trealamh agus áiseanna ar bhealach sábháilte. | Cleachtas sábháilte le sonrú sa taispeántas. |
| | | | **10 marc** | **8 marc** | **4 mharc** |
| **10 marc** | | | | | |

| Feidhmíocht Iomlán<br>30 marc | | | Sármhaith | Maith | Réasúnta |
|---|---|---|---|---|---|
| | Feidhmíocht chumasach i riachtanais uile na sonraíochta. Feidhmíocht leanúnach sna gnéithe uile de riachtanais na sonraíochta. Réimse iomlán scileanna / teicnící san áireamh. Léirítear an cumas feidhmiú faoi bhrú / i gcás dúshlánach. | | Léirítear féinmhuinín agus cumas sna riachtanais ar fad den ghníomhaíocht roghnaithe.<br>Leanúnachas iontach i ngnéithe uile na feidhmíochta.<br>Léirítear na scileanna/teicnící go léir i gcúinsí dúshlánacha/iomaíocha a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. Cuirtear fianaise shoiléir mhionsonraithe ar fáil a léiríonn feidhmíocht den scoth i gcomhthéacsanna éagsúla a bhaineann leis an ngníomhaíocht roghnaithe.<br>Léiríodh an leagan iomlán den ghníomhaíocht roghnaithe, má bhí dóthain ama ann. Nuair nach raibh dóthain ama ann, rinneadh gach gné ábhartha de a léiriú go cuimsitheach | Léirítear cumas sna riachtanais ar fad den ghníomhaíocht roghnaithe.<br>Leanúnach sa chuid is mó de ghnéithe na feidhmíochta.<br>Léirítear na scileanna/teicnící go léir i gcúinsí dúshlánacha/iomaíocha a bhaineann leis an ngníomhaíocht roghnaithe.<br>Cuirtear fianaise shoiléir ar fáil a léiríonn feidhmíocht i gcomhthéacsanna a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe.<br>Léiríodh an leagan iomlán den ghníomhaíocht roghnaithe, má bhí dóthain ama ann. Mura raibh dóthain ama ann, bhí gach gné ábhartha den fheidhmíocht le sonrú. | Léirítear cumas i gcuid de na riachtanais den ghníomhaíocht roghnaithe.<br>Feidhmíocht réasúnta leanúnach.<br>Léirítear scileanna/teicnící i gcás iomaíoch nó dúshlánach a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh.<br>Ní chuirtear ach beagán fianaise ar fáil a léiríonn feidhmíocht i gcomhthéacsanna a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. |
| | **30 marc** | | **25-30 marc** | **13-24 marc** | **1-12 marc** |
| **30 marc** | | | | | |

**Cuir gach ceann de na nithe seo a leanas san áireamh le do thoil sula mbronnann tú marc don Fheidhmíocht Fhoriomlán**

**Fad an fhíseáin - 8 nóiméad ar a mhéad:** sa chás go bhfuil an físeán níos faide ná seo bronn **24 marc ar a mhéad.**

| | |
|---|---|
| **Aclaíocht & Corpacmhainn Phearsanta:** sa chás nach léirítear gné amháin bronn **12 mharc ar a mhéad.** | **Damhsa:** sa chás nach dtugtar dhá thaispeántas bronn **12 mharc ar a mhéad** |
| **Uiscíocht:** Sa chás nach léirítear 2 stíl snámha éagsúla **bronn 12 mharc ar a mhéad** | **Comórtais Faiche - Lúthchleasaíocht (**léimeanna & Caithimh): Sa chás nach ndéantar 3 iarraidh **bronn 12 mharc ar a mhéad** |

**Léiriú neamhchríochnaithe:** níor léiríodh na scileanna/teicnící ar fad a bhí riachtanach de réir na sonraíochta.
Sa chás nach léirítear **1-2** scil bronn **24 marc ar a mhéad** Sa chás nach léirítear **3+** scil bronn **12 mharc ar a mhéad**

**Sáruithe:** I gcás **1** shárú bronn **24 marc ar a mhéad, 2 +** shárú bronn **12 mharc ar a mhéad.**
Bíodh tuiscint agat, le do thoil, ar gach ceann de na sáruithe seo a leanas agus déan an t-athrú riachtanach ar an marc don fheidhmíocht fhoriomlán sa chás nach gcloíonn iarrthóirí leis na riachtanais shonraithe.

**Ní cheadaítear anailís/téacs lasmuigh de na sleamhnáin/den ghuthú/den cheol atá ceadaithe.** *Ceadaítear ceol le haghaidh dreasa damhsa & urláir sa ghleacaíocht; ceadaítear fotheidil bhunúsacha. Ní cheadaítear téacs gluaisteach.
**Ní cheadaítear grianghraif –** seachas grianghraf aitheantais
**Ní cheadaítear meascáin d'fhíseáin**
**Ní cheadaítear luas an fhíseáin a athrú.**
**Ní mór don ábhar ar an Sleamhnán Réamhrá a bheith i gcomhréir leis na riachtanais***
**Ní mór don Sleamhnán Aitheantais a bheith i gcomhréir leis na riachtanais**
**Ní mór an ghníomhaíocht choirp cheart don Mheasúnú Feidhmíochta a bheith luaite sa sleamhnán réamhrá**
**Ní mór a lua sa sleamhnán réamhrá go ndéantar an Measúnú Feidhmíochta agus an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp i raonta éagsúla de ghníomhaíochtaí coirp**
**Líon na dtéacs-shleamhnáin:** Ní cheadaítear ach 2 cheann de shleamhnáin éigeantacha + 4 cinn ar a mhéad de shleamhnáin roghnacha.
**Níl cead ag iarrthóirí a gcuid éadaigh a athrú. *snámh marthanais**
**Ní mór don iarrthóir a bheith inaitheanta le linn an taispeántais**
**Léiriú Amháin:** an léiriú amháin is fearr atá ag teastáil. Tá taispeántas iomlán gan aon eagarthóireacht déanta air ag teastáil, má tá dóthain ama ann, i.e. <8min.

**Riachtanais Gníomhaíochta Coirp**
**Lúthchleasaíocht**
Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa sleamhnán réamhrá:
- An t-am a tógadh agus an t-achar a ritheadh - más é imeacht reathaíochta atá i gceist
- Airde na gcliath agus líon na gcliath - más é cliathrás atá i gceist
- Meáchan na huirlise agus an fad /na faid a caitheadh í i gcás gach ceann de 3 iarraidh ar chaitheamh - más é imeacht caithimh atá i gceist
- Fad/airde a léimeadh i gcás gach ceann de 3 iarraidh ar léimneach - más é imeacht léimní atá i gceist

**Uiscíocht**
- Ní mór an réimse uiscíochta a bheith luaite sa sleamhnán réamhrá, agus an dá stíl snámha roghnaithe san áireamh más cuí.
- Ní mór an fad a snámhadh agus an t-am a thóg sé a bheith luaite sa sleamhnán réamhrá

**Damhsa**
- Ní mór seánra/stíl an damhsa a bheith luaite sa sleamhnán réamhrá

**Gleacaíocht**
- Ní mór 'rithimeach' nó 'aeistéitiúil' a bheith luaite sa sleamhnán réamhrá

**Aclaíocht & corpacmhainn phearsanta**
- 3 iarraidh ar a laghad in aghaidh gach cleachtaidh
- Oiriúnú & forchéimniú maidir le gach cleachtadh sa ghné aclaithe & friotaíochta
- An t-ord atá ag teastáil Téamh suas, gníomhaíocht aeróbach, gníomhaíocht aclaithe & friotaíochta, fuarú.
- * Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa sleamhnán réamhrá:
  - Gné den chorpacmhainn, m.sh. Corpacmhainn a bhaineann leis an tSláinte (HRF) nó Corpacmhainn a bhaineann leis an bhFeidhmíocht (PRF)
  - An ghníomhaíocht choirp a bhaineann leis an gclár, sa chás go roghnaíonn an t-iarrthóir PRF
  - An modh roghnaithe le haghaidh traenáil aeróbach
  - An modh roghnaithe le haghaidh na gníomhaíochta aclaithe/friotaíochta.

**Sleamhnán réamhrá – seiceáil na riachtanais a bhaineann go sonrach leis an ngníomhaíocht choirp*

**Damhsa** – cuirtear an taispeántas aonair agus an taispeántas grúpa le chéile le haghaidh bronnadh marcanna, cuir an dá dhamhsa san áireamh le do thoil agus marcanna á mbronnadh
**Aclaíocht & corpacmhainn phearsanta –** cuir gach ghné den taispeántas san áireamh agus marcanna á mbronnadh

## Líon Iomlán na Marcanna = 150